ELeathanach16

Dé Luain 8 Nollaig 2008

Leabhar Nua JK Rowling

Tá leabhar nua foilsithe ag JK Rowling. Is í Rowling an t-údar a scríobh an tsraith '*Harry Potter*'. Is é '*The Tales of Beedle the Bard*' an t-ainm atá ar an leabhar nua. Is bailiúchán gearrscéalta é. Luaitear an leabhar i scéal deireanach '*Harry Potter*' - d'fhág Dumbledore do Hermione é ina uacht bháis.

Rí Ronaldo

Is é Cristiano Ronaldo Peileadóir na hEorpa don bhliain 2008. Is as an bPortaingéil é. Tá sé 23 bliain d'aois. Fuair sé 42 chúl dá fhoireann Manchester United anuraidh. Chabhraigh na cúil sin leo Príomhroinn Peile Shasana agus Sraithchomórtas Seaimpíní na hEorpa a bhuachan.

Imríonn Lionel Messi le Barcelona agus bhí seisean sa dara háit. Imríonn Fernando Torres le Learpholl agus bhí seisean sa tríú háit.

Sa bhliain 1968 bhuaigh George Best Peileadóir na hEorpa nuair a bhí seisean ag imirt le Man Utd. Ba as Béal Feirste é.

Tá 'GLAS VEGAS' ar ais!

Tá Glas Vegas ag lorg an chéad réalta mór eile i saol na siamsaíochta. Beidh gach cineál talann iontach agus aisteach le feiceáil ar an seó.

Níl aon chostas ar thicéid agus más mian leat bheith mar chuid den lucht féachana sa stiúideo seol ríomhphost chuig GlasVegasTG4@gmail.com.

Des Bishop

An bhfaca tú Des Bishop ar an teilifís an tEarrach seo caite? Bhí sé ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim mar dhuine fásta. Bhí a chlár 'In The Name of the Fada' an-ghreannmhar ar fad.

Tá RTÉ tar éis DVD de na sé chlár a chur ar fáil. Tá rudaí nua ar an dlúthdhiosca seo freisin nach bhfaca tú fós.

ELeathanach Cholaiste Oideachais Froebel i gcomhphairt leis an Idirbhliain, Colaiste Alexandra, BÁC 6.

Urraithe ag

Foras na Gaeilge